




Cairde na scoile



Samhradh 2017

A chairde,

Bhí muid an-ghnóthach le cúpla mí anuas ag eagrú imeachtaí éagsula le cabhair agus tacaíocht uaibhse.

Míle buíochas le gach éinne a chabhraigh leis an bhfáiltiú álainn don Chóineartú in Ionad Paróiste Naomh Crónán i Mí Feabhra. Comhghairdeas arís leis na páistí.

I Mí Márta, bhí an Rith sa bPuiteach againn agus táimid an-bhuíoch do gach éinne a thug urraíocht agus a thacaigh leis an imeacht seo. Bhain gach éinne a ghlac páirt ann an-sult as agus bhailigh siad go leor airgid ar son na cúise!

Sheol muid ár leabhar cócaireachta féin don chéad uair riamh i mbliana – Bia Blasta. Bhí gach éinne an-tógtha leis an leabhar agus tá cuma álainn ar na páistí sna grianghraif agus ar an leabhar féin. Bhí baint mhór ag na páistí, an fhoireann agus ag tuismitheoirí leis an leabhar. Go raibh míle maith ag gach éinne a cheannaigh an leabhar. Mar gheall ar éileamh breise, déanfar cóipeanna breise a chur i gcló agus beidh deis ag roinnt eile an leabhar iontach seo a cheannach ó Linda san oifig.

Bhí fáiltiú ar ais sa scoil ar Lá an Chéad Chomaoinigh, an mhí seo. Bhí sé iontach na páistí agus a gclanna a fheiceáil ar ais sa scoil ag baint sult as an lá. Míle buíochas le gach éinne a sheol bia isteach, a chabhraigh leis na seomraí a ullmhú, le grianghraif agus le gach éinne a roinn bia agus tae ar an lá agus a chabhraigh le glanadh suas ag an deireadh. Comhghairdeas leis na páistí!

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl arís do gach éinne a chabhraigh linn i mbliana. Tá airgead ag dul don tionscnamh garraíodóireachta. Bhí sé iontach na páistí go léir a fheiceáil amuigh faoin aer ag tochailt is ag cur plandaí amuigh sa bháisteach le meangadh gáire! Ár mbuíochas lenár gcoiste garraíodóireachta a chabhraigh go mór leis an obair. Cuirfear cuid eile den airgead ar fáil do chluichí chlóis agus péinteáil an chlóis.

Ar an mbealach...

Beidh an chéad bhailiúchán éadaí eile ag críochnú maidin Aoine, an 26-05-17. Cinntigh, le do thoil, go bhfuil na málaí ar fad istigh faoin Déardaoin, an 25-05-17. Déanfaimid ár ndícheall an bailiúchán is mó a bhí againn a bheith ann ar an lá sin!

Beidh SIÚLÓID na bliana seo ag dul ar aghaidh ar an Domhnach, an 11-06-17, ag 2.00in. Beidh spórt agus spraoi againn mar is gnáth. Tóg picnic leat ar an lá!

Dáta don Dialann – Aoine 30ú Meitheamh – Tugtar cuireadh do thuismitheoirí teacht amach ar oíche shóisialta – Áit le socrú agus scaipfear an scéal ar lth Facebook!

Le Meas

Cairde na Scoile



Facebook

For pictures and updates for all our events please like our Facebook page

<https://www.facebook.com/CairdeNaScoile>

Déan teagmháil le - Bairbre Carthy (Cathaoirleach) 086 8135086 nó Antoinette Conway (Rúnaí) 086 2842641